Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Pleanáil Scoile Uile agus Féinmheastóireacht Scoile

## Leabhrán Foghlama Gairmiúla 2023-2024

### Eispéiris Foghlaimeoirí ar mhaithe le hOideachas Ardchaighdeáin, Uileghabhálach agus Ábhartha

CC BY NC

# Leathanach Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Sceideal agus Físeán Intinní Foghlama | l.3 |
| Aiseolas – Tuarascálacha Náisiúnta agus Intinní Foghlama | l.4 |
| Creat don tSraith Shóisearach | l.5 |
| Foghlaimeoirí inár scoil – Guth an Scoláire agus Gníomhaíocht Eispéiris Éifeachtacha Foghlaimeoirí | l.6 |
| Eispéiris na bhfoghlaimeoirí | l.7 |
| Sprioc na Roinne Ábhair agus Teistiméireacht ó Mhúinteoir Matamaitice | l.8 |
| Plean Gníomhaíochta SICRU | l.9 |
| Cleachtas an-éifeachtach | l.10 |
| Gníomhaíocht - Sprioc na Roinne Ábhair | l.11 |
| Contanam Oideachais agus Contanam na Foghlama | l.12 |
| Gníomhaíocht - Príomhscil na Cumarsáide i bhFócas | lgh 13-15 |
| Gníomhaíocht - Contanam na Foghlama | l.16 |
| Gníomhaíocht - Straitéis Teagaisc Ardchaighdeáin, Chuimsitheach, Ábhartha | l.17 |
| Gníomhaíocht - Dea-chleachtas agus Torthaí Foghlama a Roinnt | l.18 |
| Seicheamh faoi threoir na Scoile: Conairí Dul Chun Cinn | l.19 |
| Tuairisciú trí Lionsa an Aiseolais | lgh 20-21 |
| Cuimsiú agus Éagsúlacht: CFL2nna | lgh 22-24 |
| Guth agus Rannpháirtíocht an Scoláire | lgh 25-26 |
| Ceistiú Éifeachtach le haghaidh Difreála | lgh 27-28 |
| Samhail Phleanála SICRU | l.29 |
| Tagairtí | l.30 |


Cliceáil chun amharc
Gníomhaíocht Scríbhneoireachta
Gearrthóg Físeáin
Gníomhaíocht Aonair
Gníomhaíocht Ghrúpa



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Sceideal:

- Pleanáil le haghaidh Cleachtais
- **Sos: 11.00 – 11.20**
- Pleanáil á Cur i gCleachtas
- **Lón: 1.00 – 2.00**
- Seiceamh Faoi Threoir na Scoile

# Físeán faoi Intinní Foghlama:



Cliceáil chun amharc

Agus tú ag féachaint ar an ngearrthóg seo, samhlaigh cad é is dóigh leat a bheadh i gceist i bhfoghlaim an lae inniu.

## Aiseolas – Tuarascálacha Náisiúnta








## Intinní Foghlama:

- Sprioc a aithint chun tógáil ar fheidhmiú an oideachais ardchaighdeáin, uileghabhálach
- Athmhachnamh le déanamh ar dhul chun cinn na scoláirí mar fhoghlaimeoirí, ag glacadh úinéireachta agus freagrachta ar a gcuid foghlama
- Deiseanna a thabhairt do scoláirí chun scileanna agus dearcthaí a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Creat na Sraithe Sóisearaí




# Creat don tSraith Shóisearach




Clúdaítear sa Chreat don tSraith Shóisearach comhthuiscint ar an tslí inar chóir do chleachtais teagaisc, foghlama agus mheasúnaithe forbairt chun tacú le **hoideachas ardchaighdeáin, uileghabhálach agus ábhartha** a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais scoláirí na sraithe sóisearaí, anois agus san am atá le teacht.

(Creat don tSraith Shóisearach 2015, lch.6)

Nótaí:

## Foghlaimeoirí inár scoil– Guth an Scoláire

Foghlaimeoirí inár scoil – Guth an scoláire Agus tú ag féachaint ar an bhfíseán, cad iad na breithnithe a bheadh agat don chleachtas i do sheomra ranga féin?

## Gníomhaíocht – Eispéiris Éifeachtacha Foghlaimeoirí

Ag breithniú ar do sheomra ranga sa tSraith Shóisearach, cén chuma atá ar eispéireas éifeachtach foghlaimeoirí do scoláirí?





# Eispéiris Foghlama

| | |
|---|---|
| **Eispéiris na bhfoghlaimeoirí** | Maidir leis na scoláirí: |
| | glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí foghlama bríocha ar bhealach a bhfuil cuspóir leis |
| | fásann siad mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacúil |
| | déanann siad athmhachnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus forbraíonn siad mothú úinéireachta agus freagrachta as a bhfoghlaim |
| | faigheann siad deiseanna chun na scileanna agus na dearcthaí a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil |

(Cigireacht, 2022, p. 25)

Machnamh ar Eispéiris Foghlaimeora le Dearbhú Cáilíochta:

# Gníomhaíocht – Sprioc na Roinne Ábhair




Sprioc na Roinne Ábhair




# Teistiméireacht ó Mhúinteoir Matamataice

Dearbhú Cáilíochta:



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gníomhaíocht - Plean Gníomhaíochta SICRU

| S | I | C | R | U |
|---|---|---|---|---|
| Sonrach | Intomhaiste | Comhaontaithe | Réalaíoch | Uainithe |
| Bhur sprioc a bheith chomh beacht agus chomh soiléir agus is féidir | Critéir a bhunú chun bhur ndul chun cinn a thomhas | Oibriú i dtreo sprioc atá dúshlánach ach inbhainte amach | A bheith macánta faoin méid atá sibh féin agus bhur roinn ábhair in ann a dhéanamh. | Cabhróidh amlíne libh cloí le bhur gcuid spriocanna |

Cuir an tsamhail phleanála SICRU i bhfeidhm ar an sprioc atá leagtha amach sa ghearrthóg fuaime de theistiméireacht na scoile:

S:

I:

C:

R:

U:



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gníomhaíocht - Cleachtas an-éifeachtach

Cad é bhur dtuiscint chomhroinnte ar oideachas ardchaighdeáin, cuimsitheach agus ábhartha?


## Ardchaighdeáin:

## Cuimsitheach:

## Ábhartha:



# Gníomhaíocht- Sprioc na Roinne Ábhair





Ár gcomhthuiscint ar oideachas ardchaighdeáin, cuimsitheach agus ábhartha a shoilsiú ar sprioc roghnaithe ár roinne ábhair. (Féach leathanach 8 le haghaidh bhur sprice.)



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Contanam an Oideachais





Aistear




Curaclam na Bunscoile




An tSraith Shóisearach





An tSraith Shinsearach


## Contanam na Foghlama




Aistear




Curaclam na Bunscoile




An tSraith Shóisearach




An tSraith Shinsearach



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gníomhaíocht - Príomhscil na Cumarsáide i bhFócas

### Téama Aistear: Cumarsáid




Is éard atá i gceist leis an téama Cumarsáid ná go roinnfeadh leanaí a n-eispéiris, a smaointe, a dtuairimí agus a mothúcháin le daoine eile agus go rachadh a bhféinmhuinín agus inniúlacht i méid ar bhealaí éagsúla agus chun críocha éagsúla.

Sa chumarsáid bíonn sé i gceist eolas a thabhairt, eolas a fháil agus eolas a thuiscint. Déanann leanaín cumarsáid ar bhealaí neamhbhriathartha agus trí chaint, éisteacht, smaoineamh, agus rudaí a thuiscint. Le caitheamh ama saibhríonn scileanna na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta an t-eispéireas seo. Is gníomhaíocht í an chumarsáid a oibríonn sa dá bhealach; ní hé amháin go bhfoghlaimíonn leanaí conas a n-eispéiris a roinnt le daoine eile ach foghlaimíonn siad conas na nithe a bhfuil daoine eile ag rá leo a thuiscint. Déanann siad cumarsáid ar bhealaí iomadúla éagsúla – ina measc gothaí gnúise, geáitsí, gluaiseachtaí coirp, fuaimeanna, teanga agus i gcás roinnt leanaí, trí theicneolaíocht oiriúnaitheach. Ní teanga,frásaí agus abairtí amháin atá i dteanga leanaí. Áiríonn sí freisin ealaín, Braille, damhsa, drámaíocht, ceol, filíocht, pictiúir, dealbhóireacht, canadh agus scéalta. Cé go bhfaigheann a bhformhór máistreacht ar an urlabhra agus an teanga scríofa mar phríomh-mhodh cumarsáide, bíonn siad i gcónaí ag labhairt trí mheán a ngeáitsí, a ngluaiseachtaí coirp agus a ngothaí, a bheag nó a mhór. I gcás roinnt leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu beidh gá acu le tacaíocht bhreise chomhsheasmhach ar feadh an tsaoil ionas gur féidir leo cumarsáid neamhbhriathartha a chleachtadh, a fhoghlaim agus a thabhairt chun foirfeachta.

Tá sé thar a bheith tábhachtach le haghaidh na forbartha go mbeadh leanaí ina gcumarsáidithe maithe. Spreagann an duine fásta leanaí le cumarsáid a dhéanamh trí éisteacht leo, tuiscint a fháil ar a bhfuil ár rá acu, freagairt dóibh, agus dea-shampla den chumarsáid a thabhairt dóibh. Chomh maith leis sin cruthaíonn an duine fásta an timpeallacht a spreagfaidh leanaí le hidirghníomhú lena chéile agus leis an duine fásta, agus leis na nithe agus áiteanna ann. Trí spéis agus fiosracht an linbh a

spreagadh agus dúshlán a thabhairt dóibh a n-eachtraí a iniúchadh agus a roinnt le daoine eile, féadfaidh an timpeallacht a smaointeoireacht, a samhlaíocht agus a gcruthaitheacht a spreagadh, agus ar an gcaoi sin cumarsáid a shaibhriú. Cuidíonn na heispéiris luatha seo le leanaí a bheith ina gcumarsáidithe fhéinmhuiníneacha inniúla.

## Creatchuraclam na Bunscoile: A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid

Forbraíonn an inniúlacht seo tuiscint na bpáistí ar a bheith ag idirghníomhú le daoine eile agus cabhraíonn sí leo taitneamh a bhaint as. Is éard atá i gceist le bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid ná a bheith in ann foirmeacha éagsúla cumarsáide a thuiscint, a léirmhíniú, agus a úsáid, lena n-áirítear geáitsíocht, cur in iúl, teanga (a bhféadfadh Béarla, Gaeilge,Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus teangacha eile a bheith san áireamh inti), téacs clóite,




na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha. Ina theannta sin bíonn páistí ag cruthú agus ag cíoradh cineálacha éagsúla téacs agus iad á dhéanamh sin le cuspóir.3 Ní mór do pháistí a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus ceangal leo, d'fhonn páirt a ghlacadh sa tsochaí níos leithne, ciall a roinnt, agus eolas nua a fhorbairt. Méadaíonn forbairt na hinniúlachta seo muinín na bpáistí maidir le raon meán agus modhanna cumarsáide a úsáid a oireann do chuspóirí agus do luchtanna féachana éagsúla. Is éard atá i gceist ná go mbíonn páistí ag foghlaim cén chaoi lena n-eispéiris, a smaointe, agus a mothúcháin a roinnt ar bhealaí éagsúla agus le foghlaim cén chaoi le tuairimí daoine eile a thabhairt faoi deara, éisteacht leo, ciall a bhaint astu, agus meas a léiriú orthu.

## An tSraith Shóisearach




- Teanga a úsáid
- Uimhracha a úsáid
- Éisteacht agus mé féina  chur in iúl
- Taibhiú agus cur I láthair
- Plé agus díospóireacht
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh

## An tSraith Shinsearach: Cumarsáid




Cuidíonn an phríomhscil seo leis an bhfoghlaimeoir tuiscint a fháil ar cé chomh lárnach is atá an chumarsáid i gcaidreamh daonna de gach cineál, agus a bheith ina gcumarsáidithe níos fearr i gcásanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon. Chomh maith le sainscileanna a fhorbairt i meáin éagsúla, cruthaíonn siad tuiscint níos doimhne ar chumhacht na cumarsáide - go háirithe teanga agus íomhánna - sa saol nua-aimseartha. Cuimsíonn sé freisin inniúlacht agus muinín sa litearthacht ar bhunscil riachtanach í do gach foghlaimeoir..

- Anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar théacsanna agus ar chineálacha eile cumarsáide
- Tuairimí a chur in iúl, tuairimíocht, plé, réasúnaíocht agus páirt a ghlacadh i ndíospóireacht agus in argóint
- Páirt a ghlacadh i gcomhphlé, éisteacht go haireach agus tuairimí, dearcthaí agus mothúcháin a mhúscailt
- Cumadóireacht agus taibhiú ar bhealaí éagsúla
- Cur i láthair ag baint úsáid as meáin éagsúla

Gníomhaíocht: Smaoinigh ar bhliainghrúpa atá á mhúineadh agat faoi láthair. Conas a dhéantar forbairt bhreise ar an inniúlacht seo i do sheomra ranga chun tógáil ar réamhfhoghlaim ón mbunscoil?

# Gníomhaíocht - Contanam na Foghlama





Machnamh Pearsanta: Smaoinigh ar an gcaoi a bhforbraíonn tú na príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach do d'ábhar.

# Gníomhaíocht - Straitéis teagaisc ardchaighdeáin, chuimsitheach, ábhartha



Smaoinigh ar an straitéis a d'aithin tú roimh ré. Déan a thionchar ar eispéiris foghlaimeoirí a thomhas trí bhur dtuiscint chomhroinnte ar oideachas ardchaighdeáin, cuimsitheach agus ábhartha.

# Gníomhaíocht - Dea-Chleachtas a Roinnt

Google Drive


Teams

Nótaí:

# Torthaí na bhFoghlaimeoirí


| | |
|---|---|
| **Torthaí na bhfoghlaimeoirí** | Maidir leis na scoláirí: |
| | baineann siad taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama, agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimeoirí |
| | tá an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí riachtanacha acu chun iad féin agus a gcaidrimh a thuiscint |
| | léiríonn siad an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a theastaíonn ó churaclam na iar-bhunscoile |
| | baineann siad amach na torthaí foghlama atá luaite do gach ábhar, cúrsa agus clár |

(Cigireacht, 2022, p.25)



# Seiceamh faoi threoir scoile:

# Conairí Dul Chun Cinn





Lean conair an tseisiúin thíos atá roghnaithe ag do scoil duit le páirt a ghlacadh inti san iarnóin.

# 1. Tuairisciú trí lionsa an aiseolais

20 nóim: Aimsigh na hacmhainní, an taighde agus na píosaí léitheoireachta.

20 nóim:Déan iniúchadh ar do thuairisc scoile shamplach trí lionsa do phrionsabail tuairiscithe.

20 nóim: Sainaithin gníomh SICRU amháin




Aimsígí na leathanaigh a bhaineann le bhur dtreoirphrionsabal roghnaithe agus oibrígí leo mar atá leagtha amach sa ghrafaic faisnéise ar an gcéad leathanach eile. Féachaigí ar an bhfíseán gearr agus/nó ar an gcur i láthair agus léigí an téacs gearr atá dírithe ar an treoirphrionsabal a mhíniú. Bainigí úsáid as na ceisteanna machnaimh agus as na gníomhaíochtaí mar bhunús le plé mar fhreagairt ar an mír spreagtha tuairiscithe.


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Téigí chuig na leathanaigh a bhaineann leis an bprionsabal atá roghnaithe agaibh mar atá leagtha amach thíos:

## Ag obair le Treoirphrionsabail an Tuairiscithe

**Grúpa 1: lgh.15-18**

Rannpháirtíocht fhíor a spreagadh le tuismitheoirí.

**Grúpa 2: lgh 19-21**

Deiseanna a thabhairt do scoláirí machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama trí aiseolas.

**Grúpa 3: lgh 22-24**

Meas a léiriú ar bhreithiúnais ghairmiúla múinteoirí.

**Grúpa 4: lgh 25-27**

Teanga na foghlama a úsáid chun aiseolas éifeachtach a thabhairt.

**Grúpa 5: lgh 28-30**

A bheith soláimhsithe agus gan am a bhaint ar shiúl ón bhfoghlaim agus ón teagasc.

**Grúpa 6: lgh 31-33**

Dul chun cinn an scoláire san fhoghlaim a chur in iúl go soiléir.

**Grúpa 7: lgh 34-37**

Eolas a chur ar fáil ar réimse leathan gnóthachtála.

**Grúpa 8: lgh 38-40**

A bheith tuisceanach faoi fhéinmheas agus faoi fholláine ghinearálta na scoláirí agus cur chuige cuimsitheach a leanúint.

# 2. Cuimsiú agus Éagsúlacht: CFL2nna




Cliceáil chun Amharc

De réir mar a fhéachann tú ar an bhfíseán Intreoir do CFL2nna, smaoinigh ar do thaithí aonair ar CFL2 ag leibhéal na scoile uile. Déan machnamh agus sainaithin rud amháin a chuala tú a ndéanfaidh tú tuilleadh plé air le do ghrúpa.

## Rannóg Féinstiúrtha:

20 nóim: Aimsígí na hacmhainní ar na ceisteanna atá leagtha amach i roinn 2.1 agus i roinn 2.2.

20 nóim: Déanaigí na príomhthorthaí agus na príomhthátail a phlé.

20 nóim: Sainaithnígí gníomh SICRU amháin.


Féach leathanach 29 le haghaidh bileog oibre Phleanáil SICRU.

# 2.1 Cuimsiú agus Éagsúlacht: CFL2nna


**Scoileanna nach raibh lá iomlán rannpháirtíochta acu ar CFL2nna roimhe.**


Tá an póstaer dhá leathanach seo ag teastáil do na gníomhaíochtaí thíos go léir..





1. Is féidir na nasc-cháipéisí a úsáid mar threoir chun naisc a dhéanamh ar fud na dtorthaí foghlama ó ATFanna na CFL2nna agus ó bhur n-ábha(i)r. Níor mhiste daoibh a bhreithniú cén chaoi a bhfuil bhur roinn ábhair ag cur torthaí foghlama ó ATFanna isteach in bhur n-aonaid foghlama. Tá aonaid shamplacha foghlama ar fáil le breithniú sa rannóg CFL2 den láithreán gréasáin









.

2. Tóg roinnt ama chun torthaí foghlama ón dá shonraíocht ábhair ar leibhéal 3 a nascadh leis na ATFanna ar leibhéal 2. Seo thíos nasc chuig acmhainn scarbhileoige ar a dtugtar Pleanáil do Naisc Ábhair le ATFanna. Os a choinne sin, d'fhéadfadh leagan malartach den chineál seo doiciméid a bheith stóráilte i spás comhroinnte ag do scoil atá inrochtana do gach ábhar a d'fhéadfá a úsáid don ghníomhaíocht seo.



3. Déan athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil go sonrach do d'ábhar trí na naisc a thugtar anseo a úsáid. Smaoinigh cén t-am agus cén chaoi a bhféadfá na hacmhainní seo a úsáid agus tú ag pleanáil agus ag dearadh gníomhaíochtaí foghlama atá cuimsitheach d'fhoghlaimeoirí a bhíonn ag plé le torthaí foghlaimeora ar leibhéal 3  agus ar leibhéal 2 trí do réimse ábhair.





# 2.2 Cuimsiú agus Éagsúlacht: CFL2nna

## Scoileanna a raibh lá iomlán acu ag plé le CFL2nna roimhe seo

Úsáid na ceisteanna thíos chun plé a dhéanamh agus chun a fháil amach cad é atá ag obair go maith agus cad é ar ghá tuilleadh machnaimh a dhéanamh faoi i do roinn ábhair. Tá 3 ghrúpa ceisteanna ann ar thorthaí foghlama, measúnú agus tuairisciú i dtaca le CFL2nna. Roghnaigh an grúpa ceisteanna is fearr a oireann do do roinn ábhair, pléigh iad agus sainaithin gníomh SICRU amháin chun bogadh ar aghaidh leis.

1. **Úsáidigí na leidcheisteanna thíos chun bhur bpleanáil reatha a phlé agus machnamh a dhéanamh uirthi.**

- An ndéanaimid na torthaí foghlama a ailíniú nuair is féidir ar fud na leibhéal? Cad é a d'oibrigh go maith? Cad é ar ghá dúinn tuilleadh oibre a dhéanamh air?
- An mbíonn muid a fhágáil éasca ag scoláirí dul i ngleic leis an gcuraclam ag leibhéil éagsúla ar bhealach cuimsitheach?
- An bhfuil rochtain iomlán ag gach scoláire sa scoil i ar ghníomhaíochtaí ranga agus an mbíonn siad rannpháirteach iontu?
- An dtugtar deiseanna do scoláire uile na scoile a lánacmhainneacht a bhaint amach de réir a gcumas, a láidreachtaí, a gcéimeanna forbartha, agus a riachtanais foghlama aitheanta?

2. **Úsáidigí na leidcheisteanna thíos chun an measúnú a phlé agus machnamh a dhéanamh air.**

- Smaoinígí conas a thugann na measúnuithe a úsáidtear rogha, solúbthacht, deiseanna chun páirt a ghlacadh san fhoghlaim le linn ócáidí MRB (bíodh an scoláire ag plé le scrúduithe stáit ag leibhéal 3 nó ná bíodh).
- An bhfuil bhur measúnuithe inrochtana do gach scoláire?
- Conas a dhéanann sibh cinneadh maidir le critéir ratha do scoláirí a bhíonn ag foghlaim ag leibhéal 2 in bhur gcuid ranganna/ábhar?
- Cén chaoi a mbíonn measúnú comhoibríoch á dhéanamh agaibh ar phunann an scoláire?

3. **Úsáidigí na leidcheisteanna thíos chun aiseolas agus tuairisciú a phlé agus machnamh a dhéanamh orthu.**

- Cén chaoi a gcuirtear aiseolas ar fáil do scoláirí a bhíonn ag plé le CFL2nna?
- Cén chaoi a gcabhraítear le foghlaimeoirí a bhíonn ag plé le CFL2nna machnamh a dhéanamh ar an aiseolas a thugtar agus é a chur i bhfeidhm?
- Cén chaoi a n-éascaíonn agus a gceadaíonn an cleachtas tuairiscithe reatha gnóthachtáil agus dul chun cinn an scoláire a thuairisciú le linn a gcuid CFL2nna?

# 3. Guth agus Rannpháirtíocht na Scoláirí

## Ár nGuthanna Ár Scoileanna: Coláiste Dhroichead Nua




Cliceáil chun amharc

Agus tú ag féachaint ar an bhfíseán seo, smaoinigh ar do chleachtas reatha maidir le Guth agus Rannpháirtíocht an Scoláire a mhealladh ag leibhéal na scoile uile. Déan machnamh ar an bhfíseán agus sainaithin rud amháin a chuala tú a ndéanfaidh tú tuilleadh plé air le do ghrúpa.

# Gníomhaíocht:

20 nóim: Aimsígí na hacmhainní, an taighde agus an t-ábhar léitheoireachta.

20 nóim: Pléigí na príomhthorthaí agus na príomhthátail.

20 nóim: Sainaithnígí Gníomh SICRU amháin.

Féach leathanach 29 le haghaidh bileog oibre de shamhail phleanála SICRU

OUR Voices OUR Schools

## Nótaí:

# 4. Ceistiú Éifeachtach le haghaidh Difreála

- 10 nóim: Aimsígí agus léigí Leabhrán Ceistiú Éifeachtach CNCM
- 40 nóim: Déanaigí na gníomhaíochtaí atá leagtha amach thíos.
- 10 nóim: Sainaithnígí Gníomh SICRU amháin. Féach leathanach 29 le haghaidh bileog oibre de shamhail phleanála SICRU




| | |
|---|---|
| Céim 1 | Osclaígí leabhrán Ceistiú Éifeachtach CNCM trí chliceáil ar an íomhá thuas. |
| Céim 2 | Déanaigí machnamh ar an gcaoi a n-úsáideann sibh ceisteanna in bhur seomra ranga tríd an ngníomhaíocht a dhéanamh ar lch.5. Pléigí le comhghleacaithe. |
| Céim 3 | Smaoinígí conas a d'fhéadfadh sibh níos mó ceistiúcháin a spreagadh sa seomra ranga ag úsáid lgh 9-10 chun bhur bplé a threorú. |
| Céim 4 | Déanaigí straitéisí a aithint agus a roinnt a chabhródh le ceistiú éifeachtach in bhur seomra ranga. An mbíonn na ceisteanna ag tacú le gach foghlaimeoir agus ag tabhairt a ndúshláin? |
| Céim 5 | Déanaigí athbhreithniú ar thrí cinn de na Straitéisí atá cóngarach do chúl an leabhráin; aithnígí dhá rud a d'fhéadfadh sibh a dhéanamh ar bhealach difriúil chun cabhrú le ceistiú éifeachtach sa seomra ranga. Níor mhiste daoibh Ráitis na bhFinnéithe agus na Pléchártaí a úsáid ar lgh 14-19 chun cabhrú le bhur bplé. |
| Céim 6 | Céim 6 Sainaithnígí modh amháin a d'fhéadfadh sibh a iniúchadh mar roinn ábhair, chun atmaisféar a chruthú a chabhródh le ceistiú éifeachtach agus an tsamhail phleanála SICRU ar lch.29 in úsáid. |


Smaoinígí ar chuspóir bhur gceisteanna
Cuirtear Níos Lú Ceisteanna
Seachnaítear ceistiú tobann
Pleanáiltear na ceisteanna a chuirtear
Ceadaítear 'am feithimh'
Cruthaítear timpeallacht ina spreagtar ceistiú
Úsáidtear an riail 'gan lámha ar bith in airde'
NCCA
02 CEISTIÚ ÉIFEACHTACH

## Nótaí:

# Samhail Phleanála SICRU

| S | I | C | R | U |
|---|---|---|---|---|
| Sonrach | Intomhaiste | Comhaontaithe | Réalaíoch | Uainithe |
| Bhur sprioc a bheith chomh beacht agus chomh soiléir agus is féidir | Critéir a bhunú chun bhur ndul chun cinn a thomhas | Oibriú i dtreo sprioc atá dúshlánach ach inbhainte amach | A bheith macánta faoin méid atá sibh féin agus bhur roinn ábhair in ann a dhéanamh. | Cabhróidh amlíne libh cloí le bhur gcuid spriocanna |

S:

I:

C:

R:

U:



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tagairtí:

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2015). *Creat don tSraith Shóisearach.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna. https://ncca.ie/media/3145/creat-don-tsraith-shoisearach-2015.pdf

Cigireacht. (2022). Tuarascáil an Phríomhchigire Meán Fómhair 2016-Nollaig 2020. Cigireacht na Roinne Oideachais. https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/232560/a063006e-629c-4df4-ae60-8abf2b72ed4f.pdf#page=null

Cigireacht. (2022). *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna. https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/232730/7c16ddf6-0c83-4621-afe2-4bd4d6574177.pdf#page=null

McGarr, O., Mc Cormack, O., O'Reilly, J., Lynch, R., Power, J., Ó Gallchóir, C., Mc Mahon, J., Hennessy, J., Leahy, K., O'Meara, N., Calderon, A., Mac Phail, A., Neary, A., Ni Chatasaigh, C., COSTELLO, H., & Goos, M. (2022). *Exploring the introduction of the Framework for Junior Cycle: A longitudinal study Introductory report (Initial perspectives on implementation, outcomes, and impact) (Leagan 3).* Ollscoil Luimnigh. https://hdl.handle.net/10344/11185

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta.* An Roinn Oideachais. https://ncca.ie/media/5999/2023-primary-framework-ga-screen.pdf

CNCM. (2009). *Aistear Creatchuraclam na Luath-Óige. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.* https://curriculumonline.ie/getmedia/5631de55-72e2-4bf4-b1b2-14db1aadd782/Aistear-Principles-and-Themes_GA.pdf

CNCM. (2009). *Senior Cycle Key Skills Framework.* An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. https://ncca.ie/media/3380/ks_framework.pdf

CNCM. (2015). *Fócas ar an bhFoghlaim: Ceistiú Éifeachtach.* An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. https://ncca.ie/media/1935/ncca-junior-cycle-assessment-workshop-2-ga.pdf